# Cruth 2T Crann Cinnteoireachta

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Sonraí - sórtáil, rangú, comparáid a dhéanamh<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair, coincheapa agus próisis chuí a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl - próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige<br><br>Réasúnaíocht - réasúnú go córasach i gcomhthéacs matamaiticiúil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ceathairshleasán, sleasa, uillinneacha, cothrom, comhthreomhar, fritreomhar, buail le, ar dheis, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, traipéisiam, eitleog |
| **Áiseanna** | Uirlis Sórtála Mol Mata, crann cinnteoireachta |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Mar ghníomhaíocht don rang ar fad, sórtálann daltaí cruthanna ag baint úsáid as crann cinnteoireachta ar líne. Déanann daltaí ceathairshleasáin a shórtáil de réir a saintréithe.
Socraíonn daltaí na cruthanna a leanas:
An bhfuil na sleasa ar fad cothrom? – Tá – An bhfuil na huillinneacha ar fad cothrom? – Tá? Cearnóg
An bhfuil na sleasa ar fad cothrom? – Níl – An bhfuil na huillinneacha ar fad cothrom? – Tá? Dronuilleog
An bhfuil na sleasa ar fad cothrom? – Tá – An bhfuil na huillinneacha ar fad cothrom? – Níl? Rombas
An bhfuil na sleasa ar fad cothrom? – Níl – An bhfuil na huillinneacha ar fad cothrom? – Níl? Comhthreomharán

### 2 Gníomhaíocht 2

Roghnaíonn daltaí réimse de chruthanna 2T go randamach (6/8 ar a mhéid) a shórtálann siad de réir a saintréithe difriúla, mar shampla rialta, neamhrialta, a bhfuil línte díreacha air, a bhfuil línte cuartha air. Roghnaíonn siad a n-uirlis sórtála féin (mar shampla, Léaráid Venn, crann cinnteoireachta, Léaráid Carroll, bunliosta sainitheach) don ghníomhaíocht agus sainaithníonn siad a gcritéir féin. Ansin, pléann agus seasann siad lena réasúnú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An bhfuil ceithre shlios chothroma ar eitleog?<br>• Cén cruth a bhfuil dhá shlios chomhthreomhara agus dhá shlios fhritreomhara air?<br>• An bhfuil dronuillinneacha ar bith i rombas?<br>• Cén cruth a bhfuil ceithre shlios chothroma air ach dronuillinneacha ar bith ann?<br>• Cé mhéad slios atá ar na cruthanna léirithe?<br>• Cad is ciall le 'cearnóg'? | • Inis dom conas a shórtáil tú na cruthanna.<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú an uirlis sórtála sin?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú na critéir seo?<br>• Cén fáth a bhfuil / nach bhfuil X ina chritéar oiriúnach? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Socraigh líon cruthanna, castacht na gcritéar, uirlis sórtála úsáidte de réir ábaltacht an dalta.

## Cruth 2T: Crann Cinnteoireachta

